

Siúl Leat ag Búmarang!

An tOll. Yutaka Nishiyama
Osaka University of Economics, An tSeapáin
nishiyama@osaka-ue.ac.jp




An bealach lena dhéanamh

1. Faigh píosa cairtchláir tiubh. (0.5-0.7mm).
2. Cuir páipéar carbóin anuas ar an gcairtchlár, ansin leag patrún an bhúmaraing anuas ar an bpáipéar carbóin.
3. Úsáid peann gránbhiorach le lorg an bhúmaraing a tharraingt ar an bpáipéar carbóin. Ná dearmad lorg na línte briste ar na sciatháin!
4. Cuir marc ar an taobh tosaigh le go n-aithneoidh tú ón gcúl é.
5. Gearr amach an búmarang cairtchláir go deas néata le siosúr.
6. Leag an búmarang ar dhromcla cothrom agus díriú é má tá sé lúbtha.
7. Leag rialóir le taobh na línte briste. Ag úsáid peann gránbhiorach téigh os cionn lorg na línte briste dó nó trí de bhabhtáí, déanfaidh sé lúbhadh na sciathán níos fusa.
8. Déan fillteacha sléibhe ar chaon sciathán ag uilinn de 10-30 céim. (Má tá tú ciotach, déan fillteacha gleanna.)

An bealach lena chaith

1. Beir ar sciathán amháin den bhúmarang idir d'ordóg agus do chormhéar agus bíodh an taobh tosaigh iompaithe ort (má tá tú ciotach bíodh cúl an bhúmaraing iompaithe ort)
2. Beir ar an mbúmarang go ceartingearach.
3. Nuair atá tú ag caitheamh an bhúmaraing, le breis spionnadh a bhaint as, lúb do rosta díreach sul mar scaoileann tú uait é.
4. Caith an búmarang díreach ag leibhéal na súl, amhail is dá mba saighead a bheadh tú ag caitheamh.

Tomhsaire



Tá duine ar bith in ann! Triailfidh muid turgnamh iontach.

An mbealach a n-eitlíonn sé

Casann an búmarang tuathal do dhaoine atá deiseal agus deiseal do dhaoine atá ciotach, agus é ag eitilt ag leibhéal na súl. Eitlíonn sé 3-4 méadar, agus tógann sé 1-2 soicind.

An bealach le breith air

Bíonn an búmarang cothrománach nuair a chasann sé ar ais, bíodh do lámha 30cm óna chéile agat agus úsáid do bhosa go sciobtha le breith ar an mbúmarang.

Aire!

Tá fíor dhainséar ag baint le búmarang! Seachain an gcaithfeá le daoine iad. Déan cinnte nach mbíonn aon duine in aici láimhe nuair a chaitear búmarang.

Tuige a bhFilleann an Búmarang?


Bíonn an búmarang ag casadh freisin agus é ag eitilt tríd an aer go ceartingearach. Fad agus atá sé ag casadh agus ag seoladh ar aghaidh tríd an aer bíonn níos mó treoluais ag an sciathán a bhíonn ar bharr na guairne i gcomparáid leis an sciathán ag bun na guairne. Cruthaíonn an éagsúlacht sa treoluas éagsúlacht sa gcrochadh: bíonn crochadh níos mó ag an sciathán uachtarach ar an sciathán íochtarach. Mar go mbíonn an búmarang ag rothlú ar ais agus go mbíonn an crochadh níos mó ar uachtar an rothlaithe, cuireann an brú seo a thagann iachall ar threo an bhúmarang casadh ar chlé, agus filleann an búmarang. Tá sé seo cosúil le caiseal, a chasann sa gcaoi nach dtitfidh sé. Tugtar luainíocht ghíreascópach air seo.

Figiúr 1 Míniú ar an gcasadh ar clé


Treo ar aghaidh Ais rothlúcháin Torc Fórsa luainíochta
Treoluas mór Fórsa mór crochta Treoluas beag Fórsa beag crochta

Figiúr.2 Riail na lámhe deise

Ais rothlúcháin Ais toirc Ais luainíochta



Figiúr 1 Míniú ar an gcasadh ar clé



Figiúr.2 Riail na lámhe deise

Leathanach Baile Chumann na mBúmarang

Japan Boomerang Association (J B A)

<http://www.jba-hp.jp/>

Kansai Boomerang Network (K B N)

<http://www.kbn3.com/>

United States Boomerang Association (U S B A)

<http://www.usba.org/>